Aifreann i nGaeilge i mBéal Feirste

500 ARḃ í an Ġaeilge a ngnáṫeanga

D'ócáid stairiúil i i mBéal Feirste an ċéad Aifreann i dteanga na nGael a léaḋ ar 1.0 a ċlog Dé Domhnaiġ 7-3-65 i dTeaċ Pobail Naoṁ Muire, Lána 'n tSéipéil. Ṫáinig os cionn 300 Gaeilgeoirí amaċ a ḟreastal agus ba léir gur mór a' tógáil croí agus á t-árdú meanma daofa é. Is ar ócáid mar seo a ṫuigeas Gaeilgeoirí in-áit mar Ḃéal Feirste, gur den Ġaeltaċt iad agus fosta go n-aitníonn siad an dáiṁ atá acu le n-a ċéile, dáim a ḃfuil faill anois againn a coṫú agus a láidriú, ruda ċaiṫfear a ḋéanaṁ má's linn a ċoíċe ceart a ḃaint amaċ dúinn féin agus d'ár dteanga.

Nuair a socraíoḋ ar ṫeanga na ndaoine a ṫabairt isteaċ san Aifreann, ċuir cuid de Ġaeilgeoirí na Caṫraċ in-iúl naċ sásóḋ a ḋaṫ go deo iad aċ an tAifreann a ḃeiṫ ina dteanga féin acu. Ṫug an tAṫair Seosaṁ Mag Uidhir, Coláiste Ṁaolṁaoḋóg, liosta de Ġaeilgeoirí, ṫar 500 acu, don Easbog. Scríoḃ daoine eile ní ḟios cé ṁéad acu, litreaċa ċuige, agus ċuir craoḃ Ḃéal Feirste de na Teaġlaiġ Gaelaċa rún i ḃfeiḋm á rá gur sárú coinsiasa acu an tAifreann i mBéarla a ḟreastal agus d'iarr siad gaċ ceart agus seirḃís do n-a gclainn. Rinneaḋ cleaċtaḋ ar an Aifreann i nGaeilg ag cruinnióċa de Ċuallaċt Ṁuire ⁊ den Réalt, agus is cosúil, gur mar ḃárr ar na h-iarraċtaí seo uilig a ṡocair a' tEasbog go gcuirfí Aifreann aṁáin ar fáil do Ġaeilgeoirí gaċ Domhnaċ. Siad an dá ṡagart, Seosaṁ Mac Uidhir, agus Breandán Mac Maoláin a ḃéas i mbun an Aifrinn, agus is cruaiḋ a d'oibir siad go dtí seo air. Deirtear go mbeiḋ cuidiú le fáil acu feasta ó ṡagairt eile de ċuid na Fairċe seo. Tá socraiṫe fosta go léifear Aifreann do Ġaeilgeoirí oíċe Lae Féile Pádraig ar a 8.0 i dTeaċ Pobail Naoṁ Ṁuire; agus ní ḟios naċ amlaiḋ a ḃeaḋ sé laeṫe eile saoire. Ḃímis a' súil gur b'ea.

Ní hé an socrú seo an ceann a b'ḟearr a ḃféadfaimís a ḃeiṫ a' súil leis, aċ ina ḋiaiḋ sin is cinte go ngaḃann gaċ Gaeilgeoirí buíoċas leis an Easbog. Tá sé ráite afaċ naċ léifear Aifreann ar biṫ ins a' teanga s'againne le linn mí Iúl agus Lughnasa é ḋeasċaiḃ laeṫe saoire. Caidé ḋéanfas Gaeilgeoirí san ansin? Ba sárú coinsiasa do ċuid ṁór againn anseo Aifreann Béarla a ḟreastal, anois go háiriṫe, ó's eol dúinn an sásaṁ aigne a ḃaineas le d'anam a ḋéanaṁ i nGaeilg. Tá súil agam naċ ndéantar feall orainn ar ṫeaċt a' tsamhraiḋ.

Míṡásaṁ ar Ġaeilgeoirí Ċorcaí

Ní RAIḃ DOṪAIN AIFRINN I nGAEILGE

Tá Gaeilgeoirí Ċorcaí an-míṡásta maidir leis na socraiṫe a bhí i ḃfeiḋm ar an nDomhnaċ seo caite leis an nGaeilge san Aifreann. Go dtí seo, ḃí Corcaiġ ċun tosaiġ ar ċaṫraċa eile na hÉireann sa ṁéid is go mbíoḋ an tseanmóir agus na paidreaċa taréis Aifrinn, i nGaeilge ag Aifreann a naoi a ċlog in Eaglais Naoṁ Peadair agus Póil. Dé Domhnaiġ seo caite baineaḋ úsáid as an nGaeilge san Aifreann seo, aċ ní raiḃ an teanga náisiúnta in Aifreann ar biṫ eile sa ċaṫair. Ḃí seo dian go maiṫ go háiriṫe i gcás teaġlaiġ Gaelaċa ina ḃfuil páistí óga. Ní raiḃ aon dara Aifreann le fáil ag an tuismiṫeoir a d'ḟan ag taḃairt aire dona —áistí fad is a ḃí an tuismiṫeoir eile ar Aifreann a naoi. Ċoṁ maiṫ leis sin, níl aon seirḃís ḃus sásúil ann ċun daoine a ṫaḃairt óna bruaċḃailte go dtí an tAifreann Gaelaċ seo i lár na caṫraċ.

Ḃí micléinn Ċoláiste Ollscoile Ċorcaí an-míṡásta ċoṁ maiṫ toisc nár cuireaḋ aon Aifreann i nGaeilge ar fáil dóiḃ, cé gur iarr Coṁairle Teaċtaí na Mac Léinn, an Ċuallaċt Ġaelaċ agus daoine áiriṫe den ḃfoireann, a leiṫéid ar an séiplíneaċ, an Dr. Sár-Oirṁ. Ó Súilleaḃáin.

Ċun an mí-ṡástaċt seo a ċur in iúil, dáileaḋ billeoga imeasc an ṗobail ag geata gaċ séipéil sa ċaṫair beagnaċ, ag déanaṁ agóide agus ag iarraiḋ go mbainfí úsáid as an Ġaeilge a minicí agus is féidir. Daoine óga agus mic léinn ba ṁó a ḃí i mbun na hoibre seo.

Fir Ulaḋ

Anois, go ḃfuil an cluiċe mór idir an Dún agus Dún na nGall curṫa siar go dtí an 21ú lá, sé an Corn Iarannróid an t-áḃar cainte ar fud Cúige Ulaḋ. Cé gur eol go ḃfuil foireann láidir, agus foireann díograsaċ ag Conaċt, meastar naċ mbeiḋ trioblóid ró ṁór ar biṫ ag imreoirí líofa Ulaḋ an corn a ṫaḃairt ó ṫuaiḋ leo arís. Siad fir Ḋún na nGall agus fir an Dúin, cnáṁ droma foireann Ulaḋ, agus ins na cúil agus ins na tosaiṫe, is iad a ṡeasfas clú Ulaḋ Dé Céadaoine seo ċugainn. Meastar i gCúige Ulaḋ naċ ḃfuil amhras dá laġad ná go mbainfiḋ Ulaḋ an corn. Is cinnte, de réir mar taispeáineaḋ go dtí seo ins na cluiċí a h-imreaḋ, go ḃfuil na himreoirí is fearr acu. Aċ, san am ċéanna, ní miste a ċuiṁneaṁ gur Gaillim a ḃain craoḃ na hÉireann i mbliana, agus go mbeiḋ imreoirí na Gaillime mar cnáṁ droma i ḃfoireann Ċonaċt. Beiḋ cluiċe maiṫ ann, agus is fiú dul ag féaċaint air.

Fir Conaċt

Ḃuaiġ Conaċt go h-éasca ⁊ go soiléir ar Ċúige Laiġean, insan ċluiċe leaṫ-ċeannais do Ċorn Iarannróid, agus tá siad insan ċraoḃ ċluiċe anois. Beiḋ siad ag imirt i gcoinniḃ Cúige Ulaḋ i bPáirc an Ċrócaiġ. Seo é an ċéad uair le seaċt mbliana ó ṫáinig fir an Iarṫar go Páirc an Ċrócaiġ, agus déanfaiḋ siad iarraċt mór leis an ċorn do ḃreiṫ ṫar n-ais leo ṫar Sionainn siar.

Lá fuar polltaċ ag an Uaiṁ, ṡeas fir Ċonaċt go láidir tréan i gcoinniḃ Muintir Laiġean. D'imir siad ċluiċe maiṫ, agus ḃí an ḃua tuillte acu le 1-7 ós coinne 0-8. Beiḋ go leor do fir Ċonaċt i bPáirc an Ċrócaiġ Dé Céadaoine seo ċugainn.

Mílte Gallda

Ní ċuirfear mílte Éireannaċa in ionad mílte statuate insan tomhas fá ċoinne ceadúnaisí iompar bóṫar, adúirt an tAire Iompair agus Cumaċta leis an Teaċta Pádraic Ó Domhnaill, ⁊ Marc Clinton, sa Dáil.

Aċrann Rátaí

Tá sé soiléir go ḃfuil cúrsaí ag dul ó stiúir ar fad de ṫairḃe na rátaí insan Iarṫar. Ag an ċruinniú de Ċoṁairle Condae Ṁuiġeo, tá seaċtain ó ṡin, taréis den Ċoṁairle isliú cúpla ifinn a ḋéanaṁ ar an ráta, do ṡiúil an Bainisteoir. Liam Mac Loċlainn, amaċ as an ċruinniú. Mar ġeall ar rudaí adúirt Coṁairleoir aṁáin. B. Giblin, a ṡiúil sé amaċ aċ, mar sin ḟéin, is soiléir naċ féidir leanúint leis an scéal mar atá sé. An Bainisteoir ag leagan amaċ meastaċán fá ċoinne costaisí atá le seasaṁ agus an ualaċ á ċur ar na Coṁairleoirí. ráta a ċeapaḋ, go fios díoḃa naċ féidir le bunaḋ na condae a ḋíol. Níl de réiteaċ air aċ an rud a rinneaḋ i dtíorṫa eile ċun ċoṫrom na féinne a ṫaḃairt do ḋaoine cibé áit atá siad na gcónaí. agus sé sin Ciste Coṫromaiṫe Rátaí. Tá an córas reaṫa as dáta, agus éagcoṫrom, adúirt S. Blaḃaic, ag an cruinniú meastaċán seo.

Baile Mór Samplaċ na hÉireann

Piocaḋ caṫair na Gaillimhe mar baile mór samplaċ in Éirinn—an t-aon ċeann aṁáin a piocaḋ. faoi Institiúid Pleanála na Stáit Aontaiṫe. Dúraḋ é seo ag cruinniú don Ḃardas an tseaċtain seo caite, nuair a ceadaíoḋ an mór-ċaiteaċas de £6,500 fá ċoinne rannóg pleanála den Ḃárdas. Beiḋ dá innealtóir, dá oifigeaċ líníoċta, ailtire aṁáin. oifigeaċ cléireaċais agus cló-scríofaí, ar ċostas iomlán idir £6,000 agus £7,000.

Measann an Bárdas gur ċeart an costas a ṡeasaṁ ó'n ċiste lár, ós rud é gur Ġaillim an t-aon baile a piocaḋ mar baile samplaċ in Éirinn, agus socraíoḋ ar toscaireaċt a ċur ċuig an Aire Rialtais Áitiúil le h-aġaiḋ iomlán costas a ḟáil ó'n Rialtas.

Codán Éifeaċtaċ den Ċaiteaċas

Ag freagairt ceiste ó Noel Lemass, T.D., sa Dáil, ṫug Caoiṁín Ó Beoláin, T.D., Aire Leasa Soisialaiġ. an t-eolas seo: Gur caiṫeaḋ an fénġcéadmhú den ċaiteaċas Roinn Leasa Soisialaiġ díreaċ ar cúnaṁ Leasa Soisialaiġ don ṗobal:

1959-60—93.7 p.c.
1960-61—96.8 p.c.
1961-62—94.3 p.c.
1962-63—94.2 p.c.
1963-64—94.8 p.c.

Tá sé seo ana réasúnta ar fad, agus ana éifeaċtaċ, agus taispeáneann sé go ḃfuil an Roinn Leasa Soisialaiġ ag coiṁlíonaḋa ndualgas leis an tromlaċ mór den airgead a ṫéann tríd an Roinn a ṫreorú ċun an ṗobail a ḃfuil sé fána gcoinniḃ.

Ba ḋeas an rud dá gcuirfeaḋ T.D. éigin óna ceantair Ġaeltaċta ceist anois cé'n fénġcéadmhú de airgead Roinn na Gaeltaċta a ṫéann isteaċ go dtí pobal na Gaeltaċta féin, go dtí go ḃfeice muid cé ċoṁ h-éifeaċtaċ agus atá Roinn na Gaeltaċta agus goidé mar atá siad ag coiṁlíonaḋ a ndualgaisí. An mbeaḋ 95 p.c. ag dul isteaċ un na Gaeltaċta? nó 94 p.c., nó 93 p.c., nó leaṫ den méid sin?

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

An lá a ḃí bunaḋ Uilson ar an Oileán Rua agus an muilleann-buailte - arḃair ag obair insan ġránċlós do Éamon Ó Caḋla. feirmeoir fiúntaċ as Maċaire Gaḃragán. cé ṫáinig ċun tosaiġ ard-ṫráṫnóna ar a bealaċ aḃaile ón aonaċ aċ a ċol-ceaṫrar. Séamas P. Ó Caḋla as an Ċoill, agus ṫairg láṁ-ċuidiṫe a ṫaḃairt don ḟoirinn. Rud a rinne. Léim sé in airde ar an gléas, ḃain de a seaicéad ina raḃ corna de nótaí agus d'ḟág síos go faiċilleaċ é ar ċlár na bunann (an feeding board). Ar an droċ-uair dó féin, caidé ṫárla aċ gur ṡiaḃ an ġaoṫ é nó b'ḟéidir, gur diúlaḋ an cóta isteaċ sa ṁuileann — agus ċan faċtas ó ṡin é . . . 'maċ ó go ḃfuarṫas ceann de na puntaí agus é crapaiṫe, stracta. I gceann de na cornáin-ċoċáin a fosclaoíḋ. Tá sé ráite anois gur ṫairg Seon Ṁicí Den Ó Luaḋóg, feirmeoir de ċuid na coṁarsanaċta. gur ṫairg sé airgead mór do Éamon ar na ceiṫre síog ċoċáin agus é ag dréim go díograiseaċ go n-éireóiḋ leis ns an "treasure hunt' dáiríre seo!

Tá a lán tuismiṫeoirí insan Ġaeltaċt agus i ndeas dí naċ ḃfuil sásta leis an riail sin a ċoinníos na £5 (agus £10 feasda) ó na páistí-scoile — agus naċ ligean dóiḃ cur isteaċ ar ċomórtaisí na Gaeltaċta i gcóir scoltaċ idirṁeánaċ —má ḟaiġeann an cigire amaċ naċ ḃfuil Gaeilge ó dúċais ag an aṫair nó, b'ḟéidir, ag an ṁáṫair . . . is cuma caidé ċoṁ flúirseaċ 's tá an Gaeilge ag na páistí. Maorlaṫas ar mire atá anseo — agus ba ċeart an ceist a plé insan Dáil.

Ḃí paróiste na Míoḃaí cosúil le Cailín na Luaiṫe i gCoṁairle na Contae i Leiṫḃearr le mórán blianṫaċ ar siocair go raḃ muid fágṫa gan fear as an áit le laḃairt ar ár son. Cúpla seaċtain ó ṡin, síleaḋ go raḃ sé socair go raċaḋ mac Simí Antoin Ṁic Eiteagáin. Antoin Beag (ua de Antoin Rua agus é ar duine de na peileadóirí is fearr sa ċontae). go raċaḋ seisean ċun tosaiġ mar Independent don ċeantar seo — agus deireóḋ leis gan daḃt, gan dua. Aċ tá an t-iomrá amuiġ ar na mallaiḃ, cibé acu fíor bréag é, gur dóiċe go raċaiḋ an dá ṗáirtí polaitiúla ċun spairne le ċéile fá dtaoiḃ de. Má téid. beifear buarṫa. "Indiaiḋ an ama a tcí an tÉireannaċ a teas." Níl ḃótaí do ḃeirt insan ċeantar seo. Ní ṫig le Ros Goill an dá ṫrá a ḟreastal — agus fágfar sinn i n-ár suí ar ár dtóin aṫuair . . . mar ḃí agus mar tá agus mar ḃéas le saol na saol!

Tá coṁġáirdeas tuillte ag Cumann Forḃairte na nDúine de ṫairḃe an staiġre ċun farraiġe atáṫar le ḋéanaṁ in aice le hArd na nEangaċ (ag barr na cé). Aċ ab é sin agus an casán a fuair siad déanta, ċun na trá (os coinne siopa Uí Ḃuaċáin). ní ḃeaḋ ais ṡáile le fáil ag ár gcuid cuairteoirí samhraiḋ. Le na ċois sin. mura gcoinnítear an dá ḃealaċ - aċtaiṫe go trá mór (ar dá ṫaoiḃ sean óstáin dóiṫe an Rosapenna — é ina ḟoṫraċ go fóill!), ċa ḃíonn caoi ag aon duine cos a ċur ar ṫrá Ċuan na Long!

Carraiḋ £200,000

Ceann des na píosaí sealḃacais is mó luaċ san Iarṫar, díolaḋ é an tseaċtain seo caite. Roadstone Teo., a ċeannaiġ é, agus Carraiḋeanna Uí Ṁurċú, ag Caisleán Gearr. a ḃí i gceist.

Níor luaḋ cé'n praġas a ṫug Roadstone air, aċ deirtear go ḃfuil sé timpeall £200,000.

Tá an tUasal Seán Ó Murċú, ina ċónaí anois ag Loretto, Bóṫar na Trá.

Ṫosnaiġ sé ar na h-oibreaċa seo in 1951 nuair a ḃí sé ag obair le carraiḋ cloċaoil i gCong. Ina ḋiaiḋ sin d'aṫrait sé go Caisleán Gearr, agus lean sé ag obair le aol meillte ar feaḋ cúig bliana. Seaċt mbliana ó ṡin ṫosnaiġ sé ar áḃar déanta bóiṫre, idir tarmacadam agus blocanna concrete. Tá 35 fear ag obair ar an ċarraiḋ insan am i láṫair.

Siad Muintir Roadstone Teo. na h-oibriṫe is mó insan ċineál seo oibre insan Eoraip, agus tá siad ag braṫ leaṫnú agus forbairt a ḋéanaṁ ar na h-oibreaċa i gCaisleán Gearr.

Beiḋ an tUasal Ó Murċú mar Bainisteoir ag Roadstone i gCaisleán Gearr.

Oiliṫreaċta Déagóirí

Beiḋ dá oiliṫreaċt móra do ḋéagóirí ċuig Cnoc Ṁuire i mbliana. Ċéadaiġ a Ġrása. An Dr. Sár Oirṁinneaċ Breaṫnaċ, Ard Easpag Tuama, don Aṫair Simon Ó Beirn, O.F.M., an rá oiliṫreaċt seo a eagrú i mbliana. Beiḋ ceann do ḃuaċaillí (déagóirí) ar an 9ú lá do Ḃealtaine, agus beiḋ ceann de ḋéagóirí (cailíní) ar an 19ú lá do Ṁeán Fómhair.

Insan teaċtaireaċt ag taḃairt údarás don Aṫair Simon, rinne a Ġrása coṁġáirdeaċas leis as ċoṁ maiṫ agus a d'éiriġ leis na hoiliṫreaċtaí a d'eagraiġ sé go dtí seo. Ḃí breis agus 5,000 cailíní ó scoltaċa, coláistí agus monarcain, in 23 condaeṫa agus 15 deoise ag Cnoc Ṁuire ar an 22ú Meán Fómhair, 1963. agus 16,000 déagóirí ċoṁ maiṫ le na mílte tuismiṫeoirí ag Cnoc Muire do oiliṫreaċt na ndéagóirí ar an 20ú Meán Fómhair, seo caite.

Caḃlaċ an Ċladaiġ

Ba ṁór an trua caḃlaċ iascaireaċta an Ċladaiġ a ḃeiṫ imiṫe. adúirt Méire na Gaillime, Pádraic Ó Flaṫarta, ag ceiliúraḋ i nGaillim an tseaċtain seo caite. Agus meas sé go ḃféadfaḋ Bord Iascaiġ Mara caḃlaċ an Ċladaiġ a ṡáḃáil, dá gcuirfeaḋ siad fé.

Bóṫar Béal a' Ċoraic

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Ṁuiġeo. ṁol Seosaṁ Ó Lionaċáin. T.D., gur ċeart don Ċoṁairle deontas speisialta a lorg leis an bóṫar ó Béal a' Coraic go Gleann Caisleán, a deisiú. Is lán ṁitid an bóṫar seo a ḋéanaṁ pé caoi a ḋéantar é.